# Staitisticí don Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC), 2023

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar iarratais agus éilimh faoin Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC) amhail 3 Feabhra 2024.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh go bhfuil na staitisticí seo ina staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar iad a leasú.
Cuirtear nuashonruithe ar fáil go rialta ar leathanach gréasáin staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim: https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx.

Ba chóir fiosruithe faoi staitisticí maidir le CLC a sheoladh chuig statistics@revenue.ie
Tá eolas agus treoir maidir le hoibriú na scéime ar fáil ar leathanach gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

## Léargas ginearálta ar an Dreasacht

Tá an Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC), a fógraíodh i mBuiséad 2017 (Deireadh Fómhair 2016) deartha chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire an éarlais a fháil a theastaíonn chun teach nó árasán nua a cheannach nó a fhéintógáil chun cónaí ann mar áit chónaithe.

Soláthraíonn an dreasacht d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana cánach roimhe sin, teoranta d'uasmhéid de 5% den luach ceannaigh suas go luach €400,000. Tá srian €20,000 ar an aisíocaíocht CLC.

Tá an dreasacht seo ar fáil don tréimhse ó 1 Eanáir 2017 go dtí 31 Nollaig 2024.

Fógraíodh feabhsú ar an scéim reatha CLC i bplean Spreagtha mhí Iúil 2020. Foráiltear san fhaoiseamh feabhsaithe CLC go bhfuil faoiseamh méadaithe ar fáil suas go huasmhéid €30,000 nó 10% de luach an cheannaigh sa chás go sásaíonn iarratasóirí coinníollacha áirithe. Beidh na rátaí feabhsaithe i bhfeidhm ó 23 Iúil 2020.

## Maoine Cáilitheacha

Le go gcáileoidh an mhaoin faoin scéim ní mór í a cheannach nó a thógáil mar theach cheannaitheora céaduaire agus, má cheannaítear í, ní mór í a cheannach ó chonraitheoir cáilitheach.

Chun maoin a bheith incháilithe le haghaidh CLC ní féidir léi luach €500,000 a shárú. Bhí uasluach €600,000 i bhfeidhm don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016.

| Luach an Cheannaigh | Suim an Fhaoisimh |
|---|---|
| Suas le €300,000, ó 23 Iúil 2020 | Suas le 10% de phraghas ceannaigh |
| Idir €300,000 agus €500,000, ó 23 Iúil 2020 | Is é €30,000 an faoiseamh uasta |
| Suas le €400,000, ó 19 Iúil 2016 go 22 Iúil 2020 | Suas le 5% de phraghas ceannaigh |
| Idir €400,000 agus €500,000, ó 1 Eanáir 2017 go 22 Iúil 2020 | Is é €20,000 an faoiseamh uasta |
| Os cionn €500,000, ó 1 Eanáir 2017 | Níl aon faoiseamh |
| Idir €400,000 agus €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016 | Is é €20,000 an faoiseamh uasta |
| Os cionn €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016 | Níl aon faoiseamh |

Caithfidh an mhaoin a bheith áitithe ag an gceannaitheoir céaduaire, nó ceann amháin ar a laghad de na ceannaitheoirí céaduaire i gcás ceannaitheoirí céaduaire a iolrú, laistigh de 2 bhliain agus ar feadh íostréimhse cúig bliana.

## Conraitheoirí Cáilitheacha

Le go mbeidh conraitheoir mar chuid den phróiseas CLC, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar dtús chuig na Coimisinéirí Ioncaim agus iad a bheith ceadaithe acu le bheith mar 'Chonraitheoir Cáilitheach'.

Tá liosta iomlán conraitheoirí cáilitheach le fáil ar shuíomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.
Go dtí seo tá **1,340** conraitheoirí cáilitheach ann.

## Iarratais agus Éilimh

Tá trí chéim i gceist leis an bpróiseas CLC ar líne.

### (1) Céim an Iarratais:

Déanann ceannaitheoirí céaduaire / féin-tógáil iarratas ar líne trí chórais moChúrsaí nó ROS na gCoimisinéirí Ioncaim.

Spreagann na Coimisinéirí Ioncaim iarratasóirí ionchasacha aon tuairisceáin chánach riachtanacha a thíolacadh, agus aon saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach, sula ndéanann siad iarratas CLC. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbraitheann an t-am próiseála le haghaidh iarratas ar an iarratasóir chun aon cheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach agus an t-iarratas a chomhlánú.

Cuirtear Uimhir Iarratais agus achoimre ar an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil dóibh faoin dreasacht ar fáil do cháiníocóirí comhlíontacha a chomhlánaíonn a n-iarratas CLC. Is féidir le soláthraí morgáiste, bróicéir, conraitheoir cáilitheach nó dlíodóir an achoimre seo a úsáid chun an faoiseamh atá ar fáil don iarratasóir a fhíorú, chun críocha morgáiste a cheadú nó a tharraingt anuas, nó chun conradh ceannaigh tí a shíniú.

Go dtí seo, tá **98,425** iarratas CLC faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim (gan iarratais ar ceal a áireamh).

### (2) Céim an Éilimh:

Ní rachaidh iarratais ar aghaidh go dtí an chéim éilimh ach amháin má chinn an t-iarratasóir ar mhaoin atá incháilithe don scéim a cheannach. Ní fhéadfaidh go leor iarratas dul ar aghaidh go dtí an chéim éilimh riamh toisc nach gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nó go gceannaíonn sé maoin nach bhfuil incháilithe don scéim.

Is faoin iarratasóir atá an cinneadh maidir le dul ar aghaidh go dtí an chéim éilimh, nó cathain. Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire a n-éileamh a chur isteach a luaithe a shínítear conradh chun maoin a cheannach. I gcás féin-thógála, is féidir an t-éileamh a chur isteach tar éis tarraingt anuas an chéad tráinse den mhorgáiste.

Chun éileamh a dhéanamh ní mór don éilitheoir fianaise dhoiciméadach a dheimhniú agus a sholáthar maidir le sonraí na maoine, an praghas ceannaigh, dáta críochnaithe, morgáiste agus éarlais a íocadh. Is féidir an t-éileamh a chur isteach ar líne ansin.

### (3) Céim Fíorúcháin:

Nuair a chuirtear éileamh isteach, caithfidh an conraitheoir cáilitheach nó an dlíodóir atá ag gníomhú thar ceann an féin-thógálaí an fhaisnéis a thugtar a fhíorú. Ní féidir éilimh a cheadú agus a íoc go dtí go mbeidh an t-éileamh fíoraithe ag an gconraitheoir cáilitheach nó ag an dlíodóir. Tá an t-am a thógann sé seo lasmuigh de smacht na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, ní dócha go rachaidh go leor iarratais CLC ar aghaidh go dtí an chéim éilimh agus mar sin ní sholáthraíonn líon na n-iarratas bonn iontaofa chun costas dóchúil na scéime a mheas. Go dtí seo, tá **44,959** éileamh CLC déanta, a bhfuil **44,281** ceadaithe. Is ionann luach iomlán measta na n-éileamh ceadaithe CLC go dtí seo agus thart ar **€927.3 milliún** agus is ionann luach iomlán na n-éileamh ceadaithe agus ar féitheamh CLC go dtí seo agus thart ar **€938.4 milliún**, arb ionann **€20.2 milliún** díobh sin agus éilimh siarghabhálacha (don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016).

## Staitisticí Chéim an Iarratais

| Mí | Líon in 2023* |
|---|---|
| Eanáir | 4,892 |
| Feabhra | 2,406 |
| Márta | 2,287 |
| Aibreán | 1,975 |
| Bealtaine | 1,806 |
| Meitheamh | 1,591 |
| Iúil | 1,571 |
| Lúnasa | 1,429 |
| Meán Fómhair | 1,401 |
| Deireadh Fómhair | 1,718 |
| Samhain | 1,634 |
| Nollaig | 1,040 |
| **Iomlán** | **23,750** |

Tugtar briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar iarratais CLC in 2023. Folaítear sa tábla seo iarratais fhaofa agus ar feitheamh, ach cuirtear as an áireamh iarratais chealaithe.

| | Siarghabhálach | Neamh-Shiarghabhálach | Iomlán | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Faofa | 1,594 | 72,125 | 73,719 | 74.90% |
| Ar feitheamh** | 123 | 24,583 | 24,706 | 25.10% |
| **Iomlán** | **1,717** | **96,708** | **98,425** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar líon iomlán na n-iarratas CLC carnach ó 2016 go deireadh 2023.

* Folaíonn sé seo idir éilimh Shiarghabhálacha agus éilimh Neamh-Shiarghabhálacha. Ciallaíonn Siarghabhálach iarratais agus éilimh i dtaca leis an tréimhse ó 19 Iúil 2016 go 31 Nollaig 2016.

**Ciallaíonn Ar Feitheamh go bhfuil tuairisceán amuigh le tuairisciú ag iarratasóirí nó go bhfuil ábhar comhlíonta le réiteach ag na hiarratasóirí, go bhfuil an t-iarratas réidh chun athbhreithnithe le hoibrí cásanna leithleacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó go gcaithfidh an t-iarratasóir an t-iarratas s’acu a thabhairt chun críche.

## Staitisticí faoi Chéim an Éilimh

| Mí | Líon in 2023 |
|---|---|
| Eanáir | 422 |
| Feabhra | 511 |
| Márta | 454 |
| Aibreán | 617 |
| Bealtaine | 719 |
| Meitheamh | 593 |
| Iúil | 745 |
| Lúnasa | 732 |
| Meán Fómhair | 677 |
| Deireadh Fómhair | 633 |
| Samhain | 705 |
| Nollaig | 458 |
| **Iomlán** | **7,266** |

Tugtar briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar éilimh CLC in 2023 agus folaíonn seo idir éilimh chúlghabhálacha agus éilimh neamh-chúlghabhálacha.

| Cineál na Tógála | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Ceannaithe (Éileamh Siarghabhálach) | 1,075 | 2.39% |
| Ceannaithe (Éileamh Neamh-Shiarghabhálach) | 32,495 | 72.28% |
| Féintógáil (Éileamh Siarghabhálach) | 411 | 0.91% |
| Féintógáil (Éileamh Neamh-Siarghabhálach) | 10,978 | 24.42% |
| **Iomlán** | **44,959** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar éilimh CLC carnach de réir chineál na tógála d'éilimh ó 2016 go deireadh 2023, lena n-áirítear éilimh cheadaithe agus ar feitheamh..

| An tSuim a Éilíodh | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| €0 - €4,999 | 665 | 1.48% |
| €5,000 - €9,999 | 2,828 | 6.29% |
| €10,000 - €14,999 | 8,281 | 18.42% |
| €15,000 - €19,999 | 10,018 | 22.28% |
| €20,000 | 2,999 | 6.67% |
| €20,001 - €30,000 | 20,168 | 44.86% |
| **Iomlán** | **44,959** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar shuimeanna éilimh na n-éileamh CLC carnach ó 2016 go deireadh 2023, lena n-áirítear éilimh cheadaithe agus ar feitheamh..

| Luach na Maoine: | €0-€225k | | €226-€300k | | €301-€375k | | €376-€450k | | Os cionn €450k | | Gach Luach | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** |
| **Suas le deireadh Nollag, 2022** | 3,353 | 8.90% | 10,839 | 28.76% | 12,977 | 34.43% | 7,560 | 20.06% | 2,964 | 7.86% | **37,693** | **100%** |
| **Go deireadh Márta 2023** | 3,377 | 8.64% | 11,004 | 28.16% | 13,460 | 34.44% | 8,014 | 20.51% | 3,225 | 8.25% | **39,080** | **100%** |
| **Go deireadh Meitheamh 2023** | 3,396 | 8.28% | 11,202 | 27.32% | 14,117 | 34.42% | 8,639 | 21.07% | 3,655 | 8.91% | **41,009** | **100%** |
| **Go deireadh Meán Fómhair 2023** | 3,431 | 7.95% | 11,408 | 26.43% | 14,854 | 34.41% | 9,363 | 21.69% | 4,107 | 9.52% | **43,163** | **100%** |
| **Go deireadh Nollaig 2023** | 3,453 | 7.68% | 11,575 | 25.75% | 15,413 | 34.28% | 9,962 | 22.16% | 4,556 | 10.13% | **44,959** | **100%** |

Tugtar briseadh síos carnach sa tábla thuas ar luach na maoin le haghaidh éilimh CLC ó 2016 go deireadh 2023, bunaithe ar an dáta a cuireadh iarratas ar aghaidh chuig céim an éilimh, lena n-áirítear éilimh cheadaithe agus ar feitheamh.

| Cóimheas idir Iasacht agus Luach: | 70%-74.99% | | 75%-79.99% | | 80%-84.99% | | 85%-89.99% | | Os cionn 89.99% | | Gach Maoin | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Suas le deireadh Nollag, 2022** | 6,195 | 16.44% | 4,599 | 12.20% | 6,050 | 16.05% | 8,535 | 22.64% | 12,314 | 32.67% | **37,693** | **100%** |
| **Eanáir 2023** | 6,268 | 16.44% | 4,653 | 12.21% | 6,126 | 16.07% | 8,609 | 22.59% | 12,459 | 32.69% | **38,115** | **100%** |
| **Feabhra 2023** | 6,374 | 16.50% | 4,714 | 12.20% | 6,212 | 16.08% | 8,713 | 22.56% | 12,613 | 32.65% | **38,626** | **100%** |
| **Márta 2023** | 6,458 | 16.53% | 4,775 | 12.22% | 6,284 | 16.08% | 8,807 | 22.54% | 12,756 | 32.64% | **39,080** | **100%** |
| **Aibreán 2023** | 6,585 | 16.59% | 4,839 | 12.19% | 6,389 | 16.09% | 8,932 | 22.50% | 12,952 | 32.63% | **39,697** | **100%** |
| **Bealtaine 2023** | 6,731 | 16.65% | 4,930 | 12.20% | 6,509 | 16.11% | 9,070 | 22.44% | 13,176 | 32.60% | **40,416** | **100%** |
| **Meitheamh 2023** | 6,866 | 16.74% | 4,999 | 12.19% | 6,611 | 16.12% | 9,178 | 22.38% | 13,355 | 32.57% | **41,009** | **100%** |
| **Iúil 2023** | 7,007 | 16.78% | 5,096 | 12.20% | 6,742 | 16.15% | 9,309 | 22.29% | 13,600 | 32.57% | **41,754** | **100%** |
| **Lúnasa 2023** | 7,199 | 16.94% | 5,186 | 12.21% | 6,855 | 16.13% | 9,441 | 22.22% | 13,805 | 32.49% | **42,486** | **100%** |
| **Meán Fómhair 2023** | 7,358 | 17.05% | 5,292 | 12.26% | 6,956 | 16.12% | 9,545 | 22.11% | 14,012 | 32.46% | **43,163** | **100%** |
| **Deireadh Fómhair 2023** | 7,502 | 17.13% | 5,379 | 12.28% | 7,064 | 16.13% | 9,646 | 22.02% | 14,205 | 32.43% | **43,796** | **100%** |
| **Samhain 2023** | 7,674 | 17.24% | 5,479 | 12.31% | 7,159 | 16.09% | 9,760 | 21.93% | 14,429 | 32.42% | **44,501** | **100%** |
| **Nollaig 2023** | 7,797 | 17.34% | 5,542 | 12.33% | 7,231 | 16.08% | 9,836 | 21.88% | 14,553 | 32.37% | **44,959** | **100%** |

Soláthraítear sa tábla thuas briseadh síos míosúil carnach ar chóimheas idir iasacht agus luach na maoin a ndearnadh éilimh CLC ina leith ó 2016 go deireadh 2023, bunaithe ar an dáta a chuaigh iarratas ar aghaidh chuig céim an éilimh. Is éard atá sa chóimheas idir iasacht agus luach ná méid an mhorgáiste mar chéatadán de luach ceannaithe an tí nó an árasáin. Chun leas a bhaint as an dreasacht CLC, ní mór go mbeidh an cóimheas idir iasacht agus luach 70% nó os a cionn.


| Contae | Deireadh Nollaig -2022 | Deireadh Márta -2023 | Deireadh Meitheamh -2023 | Deireadh Meán Fómhair -2023 | Deireadh Nollaig -2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 360 | N/A* | 397 | 419 | 448 |
| **An Cabhán** | 369 | 383 | 397 | 415 | 433 |
| **An Clár** | 632 | 656 | 690 | 738 | 771 |
| **Corcaigh** | 4,780 | 4,985 | 5,260 | 5,585 | 5,823 |
| **Dún na nGall** | 632 | 664 | 706 | 758 | 790 |
| **Baile Átha Cliath** | 8,616 | 8,792 | 8,978 | 9,182 | 9,391 |
| **Gaillimh** | 1,814 | 1,884 | 1,992 | 2,109 | 2,196 |
| **Ciarraí** | 498 | 513 | 533 | 557 | 585 |
| **Cill Dara** | 4,478 | 4,727 | 5,079 | 5,335 | 5,564 |
| **Cill Chainnigh** | 562 | 581 | 625 | 674 | 722 |
| **Laois** | 748 | 788 | 840 | 923 | 997 |
| **Liatroim** | 105 | N/A* | N/A* | N/A* | 125 |
| **Luimneach** | 1,187 | 1,221 | 1,279 | 1,348 | 1,405 |
| **An Longfort** | 148 | N/A* | N/A* | N/A* | 168 |
| **Lú** | 1,384 | 1,449 | 1,535 | 1,637 | 1,716 |
| **Maigh Eo** | 760 | 797 | 832 | 870 | 912 |
| **An Mhí** | 4,312 | 4,441 | 4,661 | 4,901 | 5,053 |
| **Muineachán** | 396 | 413 | 429 | 450 | 469 |
| **Uíbh Fhailí** | 522 | 553 | 579 | 616 | 654 |
| **Ros Comáin** | 338 | 349 | 360 | 374 | 393 |
| **Sligeach** | 305 | 323 | 333 | 349 | 367 |
| **Tiobraid Árann** | 632 | 654 | 685 | 724 | 745 |
| **Port Láirge** | 910 | 945 | 1,030 | 1,101 | 1,133 |
| **An Iarmhí** | 515 | 535 | 556 | 609 | 662 |
| **Loch Garman** | 1,122 | 1,169 | 1,248 | 1,342 | 1,427 |
| **Cill Mhantáin** | 1,568 | 1,630 | 1,719 | 1,868 | 2,010 |
| **Gach Éileamh** | **37,693** | **39,080** | **41,009** | **43,163** | **44,959** |

Soláthraíonn an tábla thuas miondealú geografach ar shuíomh na réadmhaoine CLC orthu ó 2016 go deireadh 2023, , bunaithe ar an dáta a cuireadh iarratas ar aghaidh chuig céim an éilimh, lena n-áirítear éilimh cheadaithe agus ar feitheamh.


*****Éilíonn Rialú Nochtadh Staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim go ndéantar sonraí nó táblaí a chomhdhlúthú nó a athdhearadh nuair a thaispeántar go bhfuil líon na n-éileamh faoi bhun 10.

| Contae | Deireadh Nollag, 2022 | Ean-23 | Fea-23 | Már-23 | Aib-23 | Bea-23 | Mei-23 | Iúil-23 | Lún-23 | MFó-23 | DFó-23 | Sam-23 | Nol-23 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 6.3 | 6.4 | 6.5 | 6.6 | 6.8 | 7.2 | 7.3 | 7.5 | 7.7 | 7.8 | 8.1 | 8.3 | 8.5 |
| **An Cabhán** | 6.4 | 6.5 | 6.6 | 6.7 | 6.8 | 7.0 | 7.1 | 7.2 | 7.4 | 7.5 | 7.6 | 7.7 | 7.9 |
| **An Clár** | 11.8 | 12.0 | 12.3 | 12.5 | 12.7 | 13.2 | 13.4 | 13.8 | 14.2 | 14.7 | 15.0 | 15.2 | 15.6 |
| **Corcaigh** | 101.0 | 102.9 | 105.1 | 106.7 | 108.8 | 111.9 | 114.1 | 117.1 | 120.2 | 122.7 | 125.0 | 127.2 | 128.9 |
| **Dún na nGall** | 10.3 | 10.5 | 10.9 | 11.0 | 11.3 | 11.6 | 12.0 | 12.6 | 12.9 | 13.2 | 13.5 | 13.7 | 13.9 |
| **Baile Átha Cliath** | 174.6 | 176.5 | 178.4 | 179.6 | 181.2 | 183.1 | 184.8 | 186.7 | 188.5 | 190.5 | 192.1 | 194.6 | 196.1 |
| **Gaillimh** | 35.9 | 36.4 | 37.3 | 37.8 | 38.9 | 39.8 | 40.7 | 42.1 | 43.0 | 43.8 | 44.5 | 45.2 | 46.1 |
| **Ciarraí** | 8.8 | 8.9 | 9.1 | 9.2 | 9.4 | 9.5 | 9.7 | 9.9 | 10.1 | 10.3 | 10.5 | 10.8 | 11.0 |
| **Cill Dara** | 98.0 | 99.9 | 102.5 | 105.0 | 108.6 | 111.8 | 114.5 | 117.3 | 119.3 | 121.3 | 123.7 | 126.1 | 127.5 |
| **Cill Chainnigh** | 11.2 | 11.4 | 11.6 | 11.8 | 12.1 | 12.5 | 12.9 | 13.6 | 13.9 | 14.3 | 14.8 | 15.3 | 15.6 |
| **Laois** | 13.9 | 14.2 | 14.6 | 15.0 | 15.4 | 15.8 | 16.3 | 16.9 | 17.8 | 18.4 | 19.2 | 19.9 | 20.3 |
| **Liatroim** | 1.7 | 1.8 | 1.8 | 1.8 | 1.9 | 1.9 | 1.9 | 2.0 | 2.0 | 2.1 | 2.2 | 2.3 | 2.3 |
| **Luimneach** | 22.8 | 23.1 | 23.5 | 23.7 | 24.4 | 24.9 | 25.3 | 26.2 | 26.9 | 27.2 | 27.6 | 28.3 | 28.8 |
| **An Longfort** | 2.5 | 2.5 | 2.6 | 2.6 | 2.6 | 2.6 | 2.7 | 2.7 | 2.8 | 2.8 | 2.9 | 3.0 | 3.1 |
| **Lú** | 25.3 | 25.7 | 26.5 | 27.1 | 27.8 | 28.5 | 29.2 | 30.0 | 30.9 | 31.8 | 33.0 | 33.7 | 33.9 |
| **Maigh Eo** | 13.8 | 14.0 | 14.3 | 14.7 | 15.0 | 15.3 | 15.6 | 15.9 | 16.3 | 16.6 | 16.9 | 17.4 | 17.7 |
| **An Mhí** | 83.3 | 84.5 | 85.2 | 86.8 | 88.6 | 90.8 | 92.5 | 94.6 | 96.6 | 98.6 | 99.9 | 101.4 | 102.5 |
| **Muineachán** | 7.1 | 7.2 | 7.3 | 7.5 | 7.7 | 7.8 | 7.9 | 8.1 | 8.4 | 8.4 | 8.6 | 8.7 | 8.9 |
| **Uíbh Fhailí** | 10.5 | 10.8 | 11.1 | 11.3 | 11.5 | 11.9 | 12.0 | 12.2 | 12.6 | 13.0 | 13.2 | 13.6 | 13.9 |
| **Ros Comáin** | 6.2 | 6.2 | 6.3 | 6.4 | 6.5 | 6.6 | 6.7 | 6.7 | 7.0 | 7.1 | 7.2 | 7.4 | 7.5 |
| **Sligeach** | 5.3 | 5.5 | 5.6 | 5.8 | 5.8 | 5.9 | 6.0 | 6.1 | 6.3 | 6.4 | 6.5 | 6.8 | 6.9 |
| **Tiobraid Árann** | 11.2 | 11.5 | 11.6 | 11.7 | 12.0 | 12.4 | 12.5 | 12.9 | 13.2 | 13.5 | 13.6 | 13.9 | 14.1 |
| **Port Láirge** | 15.9 | 16.1 | 16.4 | 16.8 | 17.6 | 18.3 | 18.8 | 19.3 | 20.1 | 20.6 | 20.9 | 21.2 | 21.3 |
| **An Iarmhí** | 9.8 | 9.9 | 10.1 | 10.4 | 10.6 | 10.7 | 10.9 | 11.1 | 11.7 | 12.3 | 12.7 | 13.3 | 13.7 |
| **Loch Garman** | 21.0 | 21.4 | 21.9 | 22.2 | 22.7 | 23.3 | 24.2 | 25.0 | 25.7 | 26.4 | 27.1 | 28.1 | 28.6 |
| **Cill Mhantáin** | 31.9 | 32.5 | 33.1 | 33.7 | 34.3 | 35.1 | 36.1 | 37.3 | 39.1 | 40.1 | 41.7 | 43.1 | 43.9 |
| **Gach Éileamh** | **746.7** | **758.2** | **772.0** | **784.3** | **800.9** | **819.6** | **835.2** | **855.1** | **874.2** | **891.5** | **908.0** | **926.4** | **938.4** |

Soláthraíonn an tábla thuas miondealú geografach ar shuíomh na shuimeanna éilimh CLC orthu ó 2016 go deireadh 2023, bunaithe ar an dáta a cuireadh iarratas ar aghaidh chuig céim an éilimh, lena n-áirítear éilimh cheadaithe agus ar feitheamh.




Léirítear sa chairt thuas líon carnach na n-éileamh CLC go deireadh 2023 de réir contae.
.




Léirítear sa chairt thuas líon carnach na maoine a ndearnadh éilimh CLC ina leith go deireadh 2023 mar sciar de líon na maoine i ngach contae (tá líon na maoine bunaithe ar shonraí clárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim don Cháin Maoine Áitiúil (CMÁ)).